DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D03

Téama
Gníomhaíocht Ranga (GR) agus Taispeántas (T). Ag fáil amach in éineacht leis an rang céard a bhíonn i gceist againn le dramhaíl i scéal. Céard é an tuiscint atá acu ar an bhfocal nó ar an gcoincheap 'dramhaíl'?

Cuspóirí
Tarraingtítear anuas roinnt de na smaointe a bhaineann leis an téama dramhaíl agus tosaíonn daltaí ag cuimhniú ar dhramhaíl agus a gcuid nósanna féin.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Eolaíocht agus an timpeallacht

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Gaeilge - Ag cothú spéise; Ag tuiscint teanga; Ag úsáid teanga

Scileanna
Ag ceistiú, ag cur in iúl; smaointeoireacht chruthaitheach; ag imscrúdú mothúcháin, eolas agus smaointe agus tuiscint a fháil, éisteacht; labhairt; léitheoireacht

Am
10-15 nóiméad don mhapa coincheapa; 20 nóiméad don scéal agus do na ceisteanna.

A leithéid do chur amu!

→ LÁ CATHERINE KELLY

CÉARD A THEASTÓIDH UAIT

- → Cóipeanna de bhileog gníomhaíochta na ndaltaí leis an scéal
- → Clár dubh nó clár bán

Céard a dhéanfaidh tú

1 Cuir le chéile mapa coincheapa don téama dramhaíola tríd an bhfocal 'dramhaíl' a scríobh ar an gclár dubh. Abair leis na daltaí na focail agus na nathanna cainte ar fad a thagann ina n-intinn nuair a chloiseann siad an focal a ghlaoch amach (e.g. bruscar, fuílleach, salachar, páipéar gan mhaith, talamh bán). Scríobh iad sin ar an gclár, ag baint úsáide as saighid le focail a bhfuil baint acu lena chéile a cheangail le chéile. Má tá eolas ag na daltaí ar mhapaí coincheapa féadfaidh siad an méid sin atá thuas luaite a dhéanamh leo féin nó i ngrúpaí.

2 Tar éis na gníomhaíochta, tabhair amach an scéal a théann leis agus léigh é in éineacht leis an rang.

Ceisteanna

1 Léigh tríd an scéal uair amháin le tuiscint ghinearálta a fháil air. Léigh an scéal arís agus abair le daltaí líne a chur faoin bhfocal 'dramhaíl/cur amú' áit ar bith a bhfeiceann siad é.

2 Cé méid uair a úsáidtear an focal 'dramhaíl'?

3 An n-úsáidtear an focal 'dramhaíl' i gcónaí sa scéal le cur síos ar bhruscar? Céard eile a chuireann muid amú?

4 Deireann daoine go maireann muid i saol ina gcuirtear an t-uafás 'amú'. Agus an scéal léite agat, céard a cheapann tú a bhíonn i gceist acu leis sin?

Ar aghaidh leat

1 Iarr ar sheanathair nó ar sheanmháthair éigin a bhfuil aithne agat orthu insint don rang an mbeadh scéal Catherine difriúil in Éirinn cúpla scór bliain ó shin.

2 Fiafraigh de dhaltaí ó áiteanna difriúla (m.sh. páirteanna difriúla d'Éirinn nó ó thíortha eile) an dtarlaíonn na rudaí ar fad a tharlaíonn sa scéal sna háiteanna as a dtagann siad féin.

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D03

ar leanúint →

DIALANN DE LÁ CATHERINE KELLY

Dhúisigh Catherine agus a máthair ag glaoch uirthi le dul chuig an scoil: 'Déan deifir! Tá muid déanach! Ná bí ag cur amú ama!'. D'éirigh sí agus chuaigh sí chuig an gcistin lena bricfeasta a ithe. Dhóirt sí bainne isteach san arbhar ab fhearr léi agus níor úsáid sí ach díreach an méid ceart arbhair agus bainne a theastaigh uaithi. Bhí sé ráite ag a máthair léi cheana gan an iomarca bainne a chur sa mbabhla: Mura gcríochnódh sé é bheadh sí ag cur amú bia.

Maidin Dé Luain a bhí ann, agus lá an bhruscair san áit ar chónaigh Catherine, mar sin chuidigh sí na boscaí bruscair a chur amach. Nuair a bhreathnaigh sí isteach iontu chonaic sí an méid bruscair a tháinig óna dteach féin díreach i seachtain amháin! Seanbhoscaí arbhair, málaí plaisteacha, cartáin iógairt agus fuíoll bia. Nach iontach an cur amú a bhí ann bia a chlúdach i ngach cineál pacáiste agus ansin na pacáistí ar fad a chaitheamh amach. 'A leithéid de chur amú!' a smaoinigh sí.

Fuair go leor daoine síob chuig an scoil, ach bhí an trácht chomh dona is nach raibh siad ag bogadh ar chor ar bith, mar sin shiúil Catherine in éineacht lena máthair agus a cairde. 'Is cur amú ama agus peitreal é tiomáint an t-achar gearr seo chuig an scoil, go mór mór agus an trácht chomh dona sin agus go dtógann sé níos faide ná é a shiúl', a deir a máthair.

Tar éis an rolla a ghlaoch, dúirt múinteoir Catherine, Rosy, leis na daltaí go mbeidís ag caint faoin timpeallacht áitiúil inniu agus cén chaoi a bhféadfaidís aire a thabhairt dó. In Éirinn, is i ionaid dumpála nó líonta talún a chríochnaíonn naoi gcinn as gach deich mála dramhaíola a bhailítear. Is limistéir talún iad na líonta talún ina gcuirtear an dramhaíl ar fad a bhíonn againn. Uaireanta bíonn siad chomh mór le cúpla páirc peile.



DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D03

ar leanúint →

Rinne Catherine iarracht saghas líon talún a shamhlú ina cloigeann, Shíl sí go raibh sé an-mhór go deo. Dúirt Rosy leis an rang in áit an dramhaíl ar fad a chur isteach i mbosca bruscair mór amháin agus é a chur chuig an ionad dumpála, go bhféadfadh muid an dramhaíl a athchúrsáil. Bhreathnaigh siad ar chuid de na rudaí a chaitheann siad isteach sa mbosca bruscair go hiondúil – potaí iógairt, páipéar, fuíoll bia – agus bhí a fhios acu go bhféadfaí go leor rudaí eile a dhéanamh leo in áit iad a chaitheamh uathu.

D'fhéadfaí potaí íogairt a úsáid le haghaidh síolta a fhás, d'fhéadfaí páipéar a athchúrsáil le páipéar nua a dhéanamh, agus d'fhéadfaí fuíoll bia a úsáid le múirín a dhéanamh don ghairdín.

'Cuimhnigh, is dramhaíl é mura mbíonn muid in ann úsáid eile a bhaint as agus é a chaitheamh amach!' a deir an múinteoir.

Bhí Catherine an-thógtha nuair a chonaic sí a máthair tar éis na scoile. D'inis sí di faoin méid a bhí foghlamtha acu ar scoil faoi laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus an chaoi a gcuideodh sé seo leis an timpeallacht. Chuaigh siad ag a n-ionad athchúrsála áitiúil le féachaint céard a bheidís in ann a athchúrsáil. Sa mbaile, le cúnamh óna muintir, is iomaí úsáid nua a bhain Catherine as cuid den dramhaíl agus chuir sí in áit dó féin an dramhaíl a d'fhéadfaí a athchúrsáil. Ar an lá céanna an tseachtain dár gcionn, bhí riméad ar Catherine a fheiceáil nach raibh an oiread dramhaíola curtha amach sa mbosca bruscair le bailiú.

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D03

DIALANN DE LÁ CATHERINE KELLY

Dhúisigh Catherine agus a máthair ag glaoch uirthi le dul chuig an scoil: 'Déan deifir! Tá muid déanach! Ná bí ag cur amú ama!'. D'éirigh sí agus chuaigh sí chuig an gcistin lena bricfeasta a ithe. Dhóirt sí bainne isteach san arbhar ab fhearr léi agus níor úsáid sí ach díreach an méid ceart arbhair agus bainne a theastaigh uaithi. Bhí sé ráite ag a máthair léi cheana gan an iomarca bainne a chur sa mbabhla: Mura gcríochnódh sé é bheadh sí ag cur amú bia.

Maidin Dé Luain a bhí ann, agus lá an bhruscair san áit ar chónaigh Catherine, mar sin chuidigh sí na boscaí bruscair a chur amach. Nuair a bhreathnaigh sí isteach iontu chonaic sí an méid bruscair a tháinig óna dteach féin díreach i seachtain amháin! Seanbhoscaí arbhair, málaí plaisteacha, cártáin iógairt agus fuíoll bia. Nach iontach an cur amú a bhí ann bia a chlúdach i ngach cineál pacáiste agus ansin na pacáistí ar fad a chaitheamh amach. 'A Leithéid de chur amú!' a smaoinigh sí.

Fuair go leor daoine síob chuig an scoil, ach bhí an trácht chomh dona is nach raibh siad ag bogadh ar chor ar bith, mar sin shiúil Catherine in éineacht lena máthair agus a cairde. 'Is cur amú ama agus peitreal é tiomáint an t-achar gearr seo chuig an scoil, go mór mór agus an trácht chomh holc sin agus go dtógann sé níos faide ná é a shiúl', a deir a máthair.



Tar éis an rolla a ghlaoch, dúirt múinteoir Catherine, Rosy, leis na daltaí go mbeidís ag caint faoin timpeallacht áitiúil inniu agus cén chaoi a bhféadfaidís aire a thabhairt dó. In Éirinn, is i ionaid dumpála nó líonta talún a chríochnaíonn naoi gcinn as gach deich mála dramhaíola a bhailítear. Is limistéir talún iad na líonta talún áit a gcuirtear an dramhaíl ar fad a bhíonn againn. Uaireanta bíonn siad chomh mór le cúpla páirc peile.

Rinne Catherine iarracht saghas líon talún a shamhlú ina cloigeann, Shíl sí go raibh sé an-mhór go deo. Dúirt Rosy leis an rang in áit an dramhaíl ar fad a chur isteach i mbosca bruscair mór amháin agus é a chur chuig an ionad dumpála, go bhféadfadh muid an dramhaíl a athchúrsáil. Bhreathnaigh siad ar chuid de na rudaí a chaitheann siad isteach sa mbosca bruscair go hiondúil – potaí iógairt, páipéar, fuíoll bia – agus bhí a fhios acu go bhféadfaí go leor rudaí eile a dhéanamh leo in áit iad a chaitheamh uathu.

Bhí Catherine an-thógtha nuair a chonaic sí a máthair tar éis na scoile. D'inis sí di faoin méid a bhí foghlamtha acu ar scoil faoi laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus an chaoi a gcuideodh sé seo leis an timpeallacht. Chuaigh siad ag a n-ionad athchúrsála áitiúil le féachaint céard a bheidís in ann a athchúrsáil. Sa mbaile, le cúnamh óna muintir, is iomaí úsáid nua a bhain Catherine as cuid den dramhaíl agus chuir sí in áit dó féin an dramhaíl a d'fhéadfaí a athchúrsáil. Ar an lá céanna an tseachtain dár gcionn, bhí riméad ar Catherine a fheiceáil nach raibh an oiread dramhaíola curtha amach sa mbosca bruscair le bailiú.

Anois bain triail as seo:

- Léigh tríd an scéal arís agus cuir líne faoi na háiteanna ar fad a bhfaigheann tú an focal 'dramhaíl/cur amú'.
- Cé méid uair a mbaintear úsáid as an bhfocal dramhaíl?
- An n-úsáidtear an focal 'dramhaíl/cur amú' i gcónaí sa scéal le cur síos ar bhruscar? Cén úsáid eile a bhíonn ag an bhfocal?
- Deireann daoine go mairimid i saol ina gcuirtear an t-uafás 'amú'. Agus an scéal léite agat, céard a cheapann tú a bhíonn i gceist acu leis sin?
- Fiafraigh de dhuine éigin a d'fhás aníos in áit éigin dhifriúil nó i dtréimhse ama difriúil (b'fhéidir seanathair nó seanmháthair, nó cara as áit éigin eile) an mbeadh gach rud sa scéal mar a chéile san áit atá acusan nó ag an am sin? Céard a bheadh difriúil?